Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Ardleibhéal

Dé hAoine, 9 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:20

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh anseo:

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1
## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Achar iomlán Loch Lios na nEanach (*Lisnananagh Lough*)
- Cúrsa Abhainn Shraith an Domhain (*Stradone River*) ón áit a ngluaiseann sí amach as Loch Lios na nEanach (*Lisnananagh Lough*) go dtí H 505 056
- An cuaille triantánachta ag Baois an Phléimeannaigh (*Fleming's Folly*) sa limistéar thiar theas den léarscáil
- An limistéar iomlán talún atá os cionn 300 méadar.

**[20m]**

### 1B. Bruthcharraigeacha

Mínigh foirmiú **dhá** bhruthcharraig, agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**

### 1C. Iseastatacht

Scrúdaigh an dóigh a ndeachaigh an iseastatacht i bhfeidhm ar thírdhreach na hÉireann, agus tagairt agat don tírdhreach abhann agus/nó don tírdhreach cósta.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Creathanna Talún

**Crith Talún san Afganastáin, 22 Meitheamh 2022**




Curtha in oiriúint ó www.reliefweb.int

| Scála Déine Modhnaithe Mercalli (DMM) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2-3: Lag | 4: Éadrom | 5: Measartha | 6: Láidir | 7: Dian |

Scrúdaigh an léarscáil agus an eochair eolais thuas ina dtugtar eolas faoi chrith talún san Afganastáin agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Céard é Scála Déine Modhnaithe Mercalli (DMM) ag eipealár an chreatha talún seo?

(ii) Ainmnigh **dhá** lonnaíocht ina raibh DMM 5.0 nó níos airde.

(iii) Cén tír eile ar tharla an crith talún seo ar a teorainn leis an Afganastáin?

(iv) Seachas Scála Modhnaithe Mercalli, ainmnigh scála **amháin** eile a mbaintear úsáid as chun creathanna talún a thomhas.

(v) Ainmnigh gléas **amháin** a mbaintear úsáid as chun creathanna talún a thomhas.

(vi) Mínigh go hachomair an téarma *fócas*, maidir le creathanna talún.

(vii) Mínigh go hachomair bealach **amháin** chun tionchar creatha talún a laghdú.

**[20m]**

**2B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an ról atá ag **próiseas an tsil-leagain** i bhfoirmiú tírghné abhann **amháin nó** tírghné chósta **amháin nó** tírghné oighreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn oibriú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**2C. Síonchaitheamh Ceimiceach**

Mínigh, le cuidiú léaráide (léaráidí) lipéadaithe, an dóigh ar mhúnlaigh síonchaitheamh ceimiceach ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- An tírdhreach carstach ar an dromchla
- An tírdhreach carstach faoi thalamh.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Ollghluaiseacht

**Maidhm Oighearshrutha san Iodáil**

Bhris mais oighir d'oighearshruth Marmolada agus scaoileadh maidhm oighir, carraigeacha agus smionagair le fána agus anuas ar rian fánaíochta a bhfuil an-tóir air ar thaobh Sléibhte na nDolaimítí. Banríon na nDolaimítí a thugtar ar Marmolada. Tá sí thart ar 3,300 méadar ar airde agus is í an beann is airde sna Dolaimítí thoir í. De réir taighde atá déanta ag eolaithe Iodálacha, tá thart ar 80% dá thoirt caillte ag oighearshruth Marmolada le 72 bliain anuas agus tugadh rabhadh in 2020 go bhféadfadh an t-oighearshruth imeacht as ar fad taobh istigh de 15 bliana mar thoradh ar an téamh domhanda.



Curtha in oiriúint ó www.theguardian.com

Scrúdaigh an t-alt thuas ina dtugtar eolas faoi mhaidhm oighearshrutha agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ina bhfuil Sléibhte na nDolaimítí suite?

(ii) Cén airde (ina méadair) atá i sliabh Marmolada?

(iii) Cén céatadán de laghdú a mheastar atá tagtha ar thoirt an oighearshrutha le 72 bliain anuas?

(iv) Ainmnigh sampla **amháin** d'ollghluaiseacht de chineál mall.

(v) Mínigh go hachomair an téarma *forscreamh*.

(vi) Liostaigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar luas ollghluaiseachta.

(vii) Mínigh go hachomair an dóigh a mbíonn tionchar ag ceann **amháin** de na tosca sin ar luas ollghluaiseachta.

**[20m]**

### 3B. An Timthriall Teicteonach

Mínigh an dóigh ar chuidigh staidéar ar theicteonaic phlátaí linn tuiscint a fháil ar dháileadh domhanda ceann **amháin** ar bith díobh seo a leanas:

- Creathanna Talún
- Bolcáin
- Fillsléibhte

**[30m]**

### 3C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Scrúdaigh an dóigh a n-idirghníomhaíonn daoine le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**[30m]**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **san Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn), a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil imchrutha sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth de ghné ainmnithe rilífe (talamh ard nó talamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Imchruth de réigiún talmhaíochta ainmnithe nó de réigiún tionsclaíochta ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

**[20m]**

### 4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach – Réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach

Mínigh an fhorbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip), a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 4C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas ar an bhforbairt ar limistéar uirbeach a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Iompar
- Suíomh
- Gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Aeriompar san Eoraip

**Earraí a Iompraíodh in Eitleáin (ina mílte tona)**

| | 2015 | 2018 | 2021 |
|---|---|---|---|
| **An Bheilg** | 1,126 | 1,416 | 2,083 |
| **An Danmhairg** | 210 | 242 | 246 |
| **An Fhrainc** | 2,380 | 2,407 | 2,275 |
| **An Ghearmáin** | 4,325 | 4,773 | 5,273 |
| **Éire** | 148 | 156 | 155 |
| **An Ísiltír** | 1,712 | 1,840 | 1,807 |
| **An Phortaingéil** | 133 | 173 | 174 |
| **An Eilvéis** | 401 | 493 | 341 |
| **27 an AE** | 12,524 | 14,243 | 15,023 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar na hearraí a iompraíodh in eitleáin san Eoraip i mblianta roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír a d'iompair 242,000 tona earraí in eitleáin in 2018?

(ii) Cén tír a d'iompair an líon ba lú earraí in eitleáin in 2015?

(iii) Ainmnigh tír **amháin** inar tháinig laghdú ar líon na n-earraí a iompraíodh in eitleáin idir 2015 agus 2021.

(iv) Ríomh an céatadán d'earraí 27 an AE a iompraíodh ar eitleáin in 2018 ar earraí de chuid na Gearmáine a bhí iontu.

(v) Cén tír sa tábla thuas nach bhfuil ina ball den AE?

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le hearraí a iompar in eitleán.

(vii) Mínigh go hachomair dúshlán comhshaoil **amháin** a bhaineann le haeriompar.

**[20m]**

### 5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil

Mínigh **dhá** thoisc ar bith a raibh tionchar acu ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** i réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**


### 5C. An tAontas Eorpach

Déan plé ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le forbairt an Aontais Eorpaigh sa todhchaí agus tagairt agat do thosca mar aontas polaitiúil, aontas eacnamaíochta agus flaithiúnas.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. Dífhostaíocht in Éirinn




Scrúdaigh an bharrachairt chnuasach thuas ina dtaispeántar rátaí dífhostaíochta na bhfear agus na mban in Éirinn ó Eanáir 2021 go dtí Meán Fómhair 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén ráta dífhostaíochta a bhí ann i measc na mban (%) i mí an Mhárta 2021?

(ii) Cén mhí ina raibh ráta dífhostaíochta na bhfear agus ráta dífhostaíochta na mban cothrom lena chéile?

(iii) Cé mhéad mí ina raibh ráta dífhostaíochta na mban níos airde ná ráta dífhostaíochta na bhfear?

(iv) An raibh ráta dífhostaíochta na bhfear ag méadú **nó** ag laghdú ó Bhealtaine go Meán Fómhair?

(v) Ríomh meánráta dífhostaíochta (%) na mban sna míonna a thaispeántar ar an gcairt thuas.

(vi) Mínigh go hachomair **dhá** thairbhe a bhaineann le ráta íseal dífhostaíochta a bheith ann.

**[20m]**

### 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Tabhair míniú ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **san Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Saothar
- Iompar
- Amhábhair
- Margaí.

**[30m]**

### 6C. An Daonra in Éirinn

Mínigh dáileadh an daonra ar fud réigiúin **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

### 7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An loch
- **Dhá** shráid a nascann le chéile
- Limistéar de gharbhlach sa tulra láir.
- Foirgnimh thionsclaíochta sa chúlra ar chlé

**[20m]**

### 7B. Soghluaisteacht Gníomhaíochtaí Geilleagracha

Scrúdaigh soghluaisteacht gníomhaíochtaí geilleagracha nua-aimseartha agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**


### 7C. Tionchar ar an gComhshaol

Scrúdaigh an dóigh a bhféadfadh gníomhaíochtaí geilleagracha tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol agus tagairt agat do shamplaí ar scála áitiúil agus ar scála domhanda.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Trádáil an Aontais Eorpaigh




Scrúdaigh na píchairteacha thuas ina dtaispeántar comhpháirtithe an Aontais Eorpaigh (AE) i dtrádáil earraí in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ónar iompórtáil an AE 6% de líon iomlán na n-earraí a iompórtáladh?

(ii) Cén céatadán d'easpórtálacha an AE a cuireadh chuig na Stáit Aontaithe?

(iii) Cén difríocht chéatadáin a bhí in easpórtálacha agus iompórtálacha idir an AE agus an Ríocht Aontaithe in 2021?

(iv) Ainmnigh tír **amháin** a thaispeántar thuas a raibh barrachas trádála ag an AE léi in 2021.

(v) Ríomh **X**, an céatadán d'iompórtálacha an AE a tháinig as an Rúis in 2021.

(vi) Mínigh go hachomair an téarma *comhardú na trádála*.

(vii) Mínigh go hachomair bealach **amháin** a raibh tionchar ag athrú ar bhallraíocht an AE ar thrádáil an AE.

**[20m]**

### 8B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

**[30m]**

### 8C. Forbairt Gheilleagrach

Agus tú ag baint úsáid as fianaise atá ar an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, mínigh **trí** thoisc a raibh tionchar acu ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach sa limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Forbairt Gheilleagrach

Meánlíon na mBlianta Iomlána Scolaíochta ag Daonra na n-Aosach i dTíortha Roghnaithe in 2017

| Tír | Blianta |
|---|---|
| An Airgintín | 10 |
| Burundi | 3 |
| An Ghearmáin | 14 |
| An Indinéis | 8 |
| Éire | 13 |
| An Nígir | 2 |

Curtha in oiriúint ó www.ourworldindata.org

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar meánlíon na mblianta iomlána scolaíochta a fuair daonra na n-aosach i dtíortha roghnaithe in 2017 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus tú ag baint úsáid as grafpháipéar, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a ghabhann le húsáid a bhaint as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) mar shlat tomhais ar fhorbairt gheilleagrach.

**[20m]**

### 9B. Coilíneachas

Scrúdaigh tionchar an choilíneachais ar gheilleagar atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 9C. Fuinneamh In-athnuaite

Scrúdaigh an dóigh a bhfuil forbairt ar fhuinneamh in-athnuaite ríthábhachtach do chomhshaol agus do gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceisteanna 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Chabhán a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo mar is ceart:

- An loch
- Talamhúsáid eaglasta
- Carrchlós
- Talamhúsáid tithíochta sa chúlra.

**[20m]**

**10B. Saincheisteanna Uirbeacha**

Déan plé ar **dhá** cheann ar bith de na saincheisteanna seo a leanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar fhás lonnaíochtaí uirbeacha:

- Meathlú uirbeach agus easpa pobail
- Sraoilleáil uirbeach
- Saincheisteanna comhshaoil.

**[30m]**

**10C. Imirce**

Tabhair cur síos agus míniú ar na hathruithe ar na patrúin imirce go hÉirinn agus as Éirinn ó 1950 i leith.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Iarratais ar Thearmann san AE

Iarratais ar Thearmann
san Aontas Eorpach in 2021

| Tír | % d'Iomlán na n-Iarratas |
|---|---|
| An Ostair | 6 |
| An Fhrainc | 19 |
| An Ghearmáin | 30 |
| An Iodáil | 8 |
| An Spáinn | 10 |
| An chuid eile den AE | 27 |

Curtha in oiriúint ó www.consilium.europa.eu

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an céatadán d'iomlán na n-iarratas ar thearmann san AE a fuair tíortha difriúla in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus tú ag baint úsáid as grafpháipéar, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a lorgaíonn daoine tearmann.

**[20m]**

### 11B. Dinimic Dhaonra

Scrúdaigh an dóigh a dtéann ceann **amháin** ar bith de na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar leibhéil an athraithe ar an daonra, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Forbairt acmhainní
- Leibhéil ioncaim
- An teicneolaíocht.

**[30m]**


### 11C. Talamhúsáid Uirbeach

Tabhair cur síos agus míniú ar chriosanna talamhúsáide i gcathair ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Dinimic Dhaonra




Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh **X**, Céim 1 de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh.

(ii) Ainmnigh **Y**, Céim 2 de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh **agus** ainmnigh sampla de thír atá ar an gcéim seo.

(iii) Cén chéim de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh ar a bhfuil Éire faoi láthair?

(iv) Cén chéim de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh ar a mbíonn an laghdú is mó ar an ráta báis?

(v) Luaigh fáth **amháin** a dtosaíonn an ráta breithe ag titim i ndiaidh chéim 2.

(vi) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh thíortha atá ar Chéim 5 de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh.

(vii) Mínigh go hachomair an téarma *athrú nádúrtha*.

**[20m]**

### 12B. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe

Agus fianaise ón léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis den Chabhán a ghabhann leis an bpáipéar seo á húsáid agat, déan cur síos agus tabhair míniú ar **thrí** ghréasán dhifriúla lonnaíochta tuaithe atá le feiceáil ar an léarscáil.

**[30m]**

### 12C. Fás Uirbeach – Cathair sa Domhan atá i mBéal Forbartha

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh fadhbanna chun cinn mar thoradh ar fhás agus ar fhairsingiú lárionad uirbeach.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat do chathair **amháin** sa domhan atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

## ROINN 4

## ROGHAONAID

## Ceist 13 go 24

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumasú daoine. Déan plé ar an ráiteas sin agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Cláir chúnaimh
- Patrúin in úinéireacht na talún
- Róil inscne dhifriúla sa tsochaí.

**[80m]**

**14.** Bíonn samhlacha agus cur chuige contrártha i leith na forbartha i gceist le tuairimí faoin bhforbairt agus faoin tearcfhorbairt.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**15.** Mairimid i ngeilleagar idirspleách domhanda. Déan plé ar an tionchar a bhíonn ag cinntí sóisialta agus polaitiúla agus tagairt agat do gach ceann díobh seo a leanas:

- Dídeanaithe eacnamaíochta agus polaitiúla
- Pátrúin imirce
- Ceisteanna faoi chearta daonna.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Bíonn tionchar ar shaintréithe ithreach ag cumasc de phróisis ithreach a bhíonn ag feidhmiú sa gharthimpeallacht. Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag **trí** cinn ar bith de na próisis seo a leanas ar shaintréithe ithreach:

- Síonchaitheamh
- Creimeadh ithreach
- Láisteadh
- Podsalú.

**[80m]**

**17.** Athraítear bithóim de bharr ghníomhaíochtaí an duine. Pléigh é sin.

**[80m]**

**18.** Tabhair cur síos agus míniú ar chomhdhéanamh ginearálta agus ar shaintréithe cineáil **amháin** ithreach.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Tá a lán grúpaí cultúrtha ar fud an domhain nach bhfuil náisiúnstát dá gcuid féin acu. Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[80m]**

**20.** Scrúdaigh an dóigh a gcuireann daoine a gcultúr agus a n-ionannas in iúl sa saol laethúil.

**[80m]**

**21.** Scrúdaigh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm nó a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun tacú le marthanas teangacha mionlaigh.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh an dóigh a ndéantar grianfhuinneamh a chlaochlú agus a athdháileadh trí phatrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus sna haigéin.

**[80m]**

**23.** Tabhair cuntas ar an dóigh a dtomhaistear feiniméin an atmaisféir agus na n-aigéan (e.g. an brú, an teocht, an ghaoth agus an bhogthaise) agus scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le tomhais den chineál sin.

**[80m]**

**24.** Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.

**[80m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipcheart**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) *den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

Dé hAoine, 9 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12.20